BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

4 Meán Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Dearadh comhphobail – Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Airteagal 8(3) – Dearadh lena gceadaítear táirgí so-chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach – Raon feidhme na cosanta a thugtar le dearadh den sórt sin – Airteagal 10 – An coincheap 'úsáideoir eolach' – Airteagal 89(1) – Smachtbhannaí i gcaingne um shárú – Cúiseanna speisialta lena gcuirtear ar chumas na cúirte náisiúnta gan na horduithe dá bhforáiltear san fhoráil sin a dhéanamh – Sárú maidir leis na gnéithe de bhréagán tógála, ag a bhfuil líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chluiche sin)

I gCás C-211/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist, an Ungáir), trí bhreith an 5 Márta 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 18 Márta 2024, sna himeachtaí

**LEGO A/S**

v

**Pozitív Energiaforrás Kft.,**

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin, N. Piçarra, O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir) agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– LEGO A/S, ag Á. György, P. Lukácsi, K Szamosi, ügyvédek, V. von Bomhard agus L. von Gerlach, Rechtsanwälte,

– Pozitív Energiaforrás Kft., ag A. Lendvai, ügyvéd,

* Teanga an cháis: an Ungáiris.

– Rialtas na hUngáire, ag M. Z. Fehér agus R. Kissné Berta, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Němečková agus A. Tokár, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 6 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 8(3), Airteagal 10 agus Airteagal 89(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO 2002 L 3, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir LEGO A/S ('Lego') agus Pozitív Energiaforrás Kft. maidir le sárú líomhnaithe ag Pozitív Energiaforrás Kft ar dhá dhearadh Comhphobail a bhfuil Lego ina shealbhóir orthu.

### An dlí lena mbaineann

3 Leasaíodh Rialachán Uimh. 6/2002 le Rialachán (AE) 2024/2822 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 (IO 2024 L 2822, lch. 1). Mar sin féin, i bhfianaise dháta na bhfíoras is cúis leis an díospóid sna príomhimeachtaí, ní mór an tarchur seo chun réamhrialú a scrúdú i bhfianaise an leagain tosaigh de Rialachán Uimh. 6/2002.

4 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 7, 10, 11 agus 14 de Rialachán Uimh. 6/2002:

'(7) Le cosaint dearaidh thionsclaíoch, ní hamháin go gcuirtear chun cinn an rannchuidiú a dhéanann dearthóirí aonair le barr feabhais an Aontais a bhaint amach san earnáil, ach chomh maith leis sin, spreagtar nuálaíocht agus forbairt táirgí nua agus infheistíocht ina dtáirgeadh.

[...]

(10) Níor cheart bac a chur ar nuálaíocht theicneolaíoch trí chosaint dearaidh a dheonú do ghnéithe a leagtar síos le feidhm theicniúil amháin. Tuigtear nach bhfuil i gceist leis sin go gcaithfidh cáilíocht aeistéitiúil a bheith ag dearadh. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart a chur isteach ar idir-inoibritheacht cineálacha éagsúla táirgí trí chosaint a leathnú go dtí dearadh feisteas meicniúil. Dá bhrí sin, níor cheart na gnéithe sin de dhearadh a eisiatar ón gcosaint ar na cúiseanna sin a chur san áireamh chun a mheasúnú an gcomhlíonann gnéithe eile den dearadh na ceanglais maidir le cosaint.

(11) Mar sin féin, féadfaidh feistis mheicniúla de tháirgí modúlacha a bheith ina ngné thábhachtach de shaintréithe nuálacha táirgí modúlacha agus is mórshócmhainn mhargaíochta iad agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith incháilithe do chosaint.

[...]

(14) Ba cheart go mbeadh an measúnú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil tréith shainiúil ag baint le dearadh a bheith bunaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil difríocht shoiléir idir an tuiscint fhoriomlán a thugtar d'úsáideoir eolach a bhreathnaíonn ar an dearadh agus an tuiscint a thugtar ar úsáideoir den sórt sin leis an gcorpas dearaidh atá ann cheana, agus cineál an táirge ar a gcuirtear an dearadh i bhfeidhm nó ina bhfuil sé ionchorpraithe á chur san áireamh, agus go háirithe an earnáil tionsclaíochta lena mbaineann sé agus an méid saoirse atá ag an dearthóir agus an dearadh á fhorbairt aige.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 3 den Rialachán sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "dearadh" an chuma atá ar tháirge ina iomláine nó ar chuid de tháirge agus atá mar thoradh ar na gnéithe atá ann, go háirithe, línte, imlínte, dathanna, cruth, uigeacht agus/nó ábhair an táirge féin agus/nó dá mhaisiúchán;

(b) ciallaíonn "táirge" aon ítim thionsclaíoch nó cheardaíochta seachas ríomhchlár, lena n-áirítear, *inter alia*, páirteanna atá deartha lena gcur le chéile i dtáirge casta, pacáistíocht, cur i láthair, siombailí grafacha agus cló-aghaidheanna chlóghrafacha;

(c) ciallaíonn "táirge casta" táirge atá comhdhéanta de chomhpháirteanna éagsúla is féidir a ionadú, rud a fhágann gur féidir an táirge a dhíchóimeáil agus a athchóimeáil.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Faoi Airteagal 4(1) den Rialachán sin:

'Le dearadh Comhphobail cosnófar an dearadh, más dearadh nua é agus má tá gné shainiúil aige.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal 'Úrnuacht':

'(1) Measfar dearadh a bheith nua más rud é nach bhfuil aon dearadh comhionann curtha ar fáil don phobal:

(a) i gcás dearadh comhphobail neamhchláraithe, roimh an dáta ar cuireadh an dearadh a bhfuil cosaint á héileamh ina leith ar fáil don phobal den chéad uair;

(b) i gcás dearadh comhphobail cláraithe, roimh dháta comhdaithe an iarratais ar chlárú an dearaidh a bhfuil cosaint á héileamh ina leith, nó, má tá tosaíocht á héileamh, roimh an dáta tosaíochta.

(2) Measfar dearaí a bheith comhionann le chéile más rud é nach bhfuil de dhifríocht sna gnéithe atá acu ach mionsonraí neamhábhartha.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Faoi Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 6/2002, dar teideal ‘Gné shainiúil’:

‘1. Measfar gné shainiúil a bheith ag dearadh más rud é nach dtéann sé i gcion ar an úsáideoir eolach ar an mbealach céanna agus a dtéann aon dearadh atá curtha ar fáil don phobal i gcion ar úsáideoir den sórt sin:

(a) i gcás dearadh Comhphobail neamhchláraithe, roimh an dáta ar cuireadh an dearadh a bhfuil cosaint á héileamh ina leith ar fáil don phobal den chéad uair;

(b) i gcás dearadh Comhphobail cláraithe, roimh dháta comhdaithe an iarratais ar chlárú, nó, má tá tosaíocht á héileamh, roimh an dáta tosaíochta.

2. Nuair a bheidh gné shainiúil á meas, tabharfar san áireamh an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dhearadh aige.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in Airteagal 8 den Rialachán sin, dar teideal ‘Dearaí a dhéantar de réir riachtanais na feidhme teicniúla atá leis, agus an dearadh idirnaisc’:

‘1. Ní mhairfidh dearadh Comhphobail sna gnéithe de chuma tháirge nach bhfuil ach de réir na feidhme teicniúla atá leis an táirge.

2. Ní mhairfidh dearadh Comhphobail sna gnéithe de chuma tháirge is gá a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge a bhfuil an dearadh ionchorpraithe ann, nó a bhfuil sé le húsáid air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó ina choinne, ionas go bhféadfaidh ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a dhéanamh.

3. D’ainneoin mhír 2, agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagail 5 agus 6, mairfidh dearadh Comhphobail i ndearadh arb é is cuspóir dó táirgí so-chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach laistigh de chóras modúlach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 10 den Rialachán sin, dar teideal ‘Raon feidhme na cosanta’:

‘1. Cumhdófar le raon feidhme na cosanta a thugtar le dearadh Comhphobail aon dearadh nach músclaíonn braistint fhoriomlán éagsúil san úsáideoir eolach.

2. Nuair a bheidh raon feidhme na cosanta á mheas, tabharfar san áireamh an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dhearadh aige.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 19(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Cearta a thugtar leis an dearadh Comhphobail’:

‘Le dearadh Comhphobail cláraithe, tabharfar an ceart eisiach leis an dearadh a úsáid dá shealbhóir, agus an ceart cosc a chur ar aon tríú páirtí, nach bhfuair toiliú ón sealbhóir, é a úsáid. Cumhdófar leis an úsáid thuasluaite, go háirithe, táirge a dhéanamh, a thairiscint, a chur ar an margadh, a allmhairiú, a

onnmhairiú nó a úsáid, ar táirge é ina n-ionchorpraítear an dearadh nó ar a gcuirtear an dearadh i bhfeidhm, nó an táirge a stóráil chun na críche céanna.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 89 de Rialachán Uimh. 6/2002, dar teideal 'Smachtbhannaí i gcaingne um shárú':

'1. I gcás, i gcaingean um shárú nó um shárú arna bhagairt, ina gcinneann cúirt um dhearaí an Chomhphobail gur sháraigh an cosantóir dearadh Comhphobail nó gur bhagair an cosantóir é a shárú, déanfaidh an chúirt na bearta seo a leanas a ordú, ach amháin má tá cúiseanna speisialta ann gan sin a dhéanamh:

(a) ordú lena gcuirtear toirmeasc ar an gcosantóir leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí lena sáraíodh nó lena sáródh an dearadh Comhphobail;

(b) ordú chun na táirgí lena ndéantar sárú a urghabháil;

(c) ordú chun urghabháil a dhéanamh ar ábhair agus ar uirlisí a úsáidtear go príomha chun na hearraí lena ndéantar sárú a mhonarú, más rud é go raibh an t-úinéir ar an eolas faoin éifeacht a bheadh leis na hábhair nó na huirlisí sin a úsáid nó gurbh fhollasach an éifeacht sin sna dálaí a bhí ann;

(d) aon ordú lena bhforchuirtear smachtbhannaí iomchuí eile faoi na dálaí dá bhforáiltear le dlí an Bhallstáit ina ndéantar na caingne um shárú nó na caingne um shárú arna bhagairt, lena n-áirítear a dhlí príobháideach idirnáisiúnta.

2. Déanfaidh an chúirt um dhearaí an Chomhphobail, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, bearta iomchuí chun comhlíonadh na n-orduithe dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú.'


[Aistriúchán neamhoifigiúil]

## An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

13 Is é Lego sealbhóir dhearadh Comhphobail Uimh. 001950981-0001, atá cláraithe le dáta tosaíochta an 22 Samhain 2011, arb é a ábhar ná comhpháirt nasctha le haghaidh bréagán tógála. Is éard atá i gceist leis an gcomhpháirt nasctha sin ná sorcóir múnlaithe agus dhá ais atá ingearach lena chéile agus leis an sorcóir, agus iad ceangailte leis an sorcóir le bonn sorcóireach. Is mar a leanas atá léiriú an dearaidh Comhphobail sin:




14 Tá Lego ina shealbhóir freisin ar dhearadh Comhphobail Uimh. 002137190-0002, cláraithe le dáta tosaíochta an 16 Samhain 2012 (in éineacht leis an dearadh Comhphobail dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, 'dearaí Lego'). Is é is ábhar den dearadh sin ná comhpháirt nasctha le haghaidh bréagán tógála, i bhfoirm bríce ar a bhfuil dhá stoda ar an mbarr, dhá fheadán faoina bhun agus dhá stoda le poill ar thaobh amháin. Is mar a leanas atá léiriú an dearaidh Comhphobail sin:



15 Is córais mhodúlacha iad na bréagáin tógála ar cuid díobh an dá píosa sin inar féidir na bloic thógála plaisteacha éagsúla a chur le chéile agus a bhaint as a chéile go héasca, rud a fhágann gur féidir struchtúir thógála a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó thaobh crutha de a chur le chéile agus a bhaint as chéile.

16 D'fhéach Pozitív Energiaforrás le bréagáin tógála déanta de ghnéithe plaisteacha modúlacha ('na cluichí atá i gceist') a allmhairiú isteach san Ungáir, faoi thrádmharc Qman, lena n-áirítear, *inter alia*, ceann amháin nó níos mó de na bloic thógála a ndéantar a n-íomhá a thaispeáint thíos ('na píosaí lena mbaineann'):



17 Tar éis gearán a rinne Lego, d'ordaigh Nemzeti Adó- és Vámhivatal Veszprém Megyei Adó- és Vámigazgatósága (Stiúrthóireacht Cánach agus Custaim Veszprém, faoin Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim, an Ungáir) go ndéanfar na bréagáin atá i gceist a urghabháil, agus thionscain sí imeachtaí sáraithe ansin i gcoinne bhainisteoir Pozitív Energiaforrás ar an mbonn go raibh amhras ann go raibh sárú déanta ar chearta maoine intleachtúla Lego.

18 An 22 Meitheamh 2022, thug Lego iarratas os comhair Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist, an Ungáir) de bhun Airteagail 10 agus 89 de Rialachán Uimh. 6/2002, ar bheart eatramhach chun an urghabháil sin a choinneáil ar bun.

19 Dhiúltaigh an chúirt sin don iarratas sin le hordú. Chinn sí gur tháinig dearaí Lego faoi raon feidhme na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus, ós rud é go raibh cruth na gcomhpháirteanna nasctha a chosnaítear leis na dearaí sin faoi réir a bhfeidhm teicniúla amháin, gur ghá iad a atáirgeadh ina gcruth beacht agus ina dtoisí beachta chun a bhfeidhm mar nascóirí sa bhréagán tógála a raibh siad mar chuid díobh a chomhlíonadh, agus mar thoradh air sin go raibh saoirse an dearthóra maidir le cruth den sórt sin a fhorbairt an-teoranta. Agus é den tuairim gurbh é an 'úsáideoir eolach' a bhí le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar raon feidhme na cosanta ná an úsáideoir a bhreathnaigh ar dhearaí den sórt sin le súil géar airdeallach ar na mionsonraí, chinn an chúirt sin, ar bhonn comparáid a dhéanamh idir léirithe cláraithe dearaí Lego agus macasamhlacha fótagrafacha na píosaí lena mbaineann, go raibh braistint fhoriomlán éagsúil ag na macasamhlacha fótagrafacha sin a ar thuiscint an úsáideora eolaigh i gcomparáid leis an tuiscint i ndáil le dearaí Lego.

20 Maidir le dearadh Comhphobail Uimh. 001950981-0001, dá dtagraítear i mír 13 den bhreithiúnas seo, measadh san ordú sin go n-eascraíonn difríochtaí sa bhraistint fhoriomlán a chruthaítear don úsáideoir eolach as na difríochtaí idir na boinn shorcóireacha, na dromchlaí ceangail, cruth na gcrosna agus línte áirithe. A mhéid a bhaineann le dearadh Comhphobail Uimh. 002137190-0002, dá dtagraítear i mír 14 den bhreithiúnas seo, measadh go gcruthaíonn na brící a d'allmhairigh Pozitív Energiaforrás, lena gcúlbhalla cuartha agus a gcruthanna cruinne seachas dronuillinneacha atá ag brící Lego, braistint fhoriomlán éagsúil ar an úsáideoir eolach freisin.

21 Rinne Fővárosi Ítélőtábla (Cúirt Achomhairc Réigiúnach Bhúdaipeist, an Ungáir), ar os a comhair a rinne Lego achomharc, an t-ordú sin a chur ar neamhní agus d'ordaigh sí go ndéanfar na cluichí atá i gceist a urghabháil ar an bhforas nár chruthaigh dearaí Lego braistint fhoriomlán éagsúil ar an úsáideoir eolach seachas an bhraistint a chruthaigh na comhpháirteanna lena mbaineann.

22 Sheas an Kúria (an Chúirt Uachtarach, an Ungáir) leis an gcinneadh sin, agus achomharc Pozitív Energiaforrás á éisteacht aici. I bhfianaise, go háirithe, chásdlí na Cúirte Breithiúnais, chinn an chúirt sin, contrártha leis an tuairim a ghlac an chúirt chéadchéime, nach féidir a bheith ag súil leis go mbeadh leibhéal airde an úsáideora eolaigh, atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar raon feidhme na cosanta a thugtar le dearaí Lego, ag an leibhéal is gá le haghaidh grinniú cúramach ar mhionsonraí na n-earraí atá i gceist. Dá bhrí sin, chinn an Kúria nach raibh braistint fhoriomlán éagsúil ag na gnéithe lena mbaineann ar an úsáideoir eolach ón mbraistint arna cruthú ag dearaí Lego, ós rud é nach raibh difríochtaí suntasacha ann mar gheall ar a méid nó a ndearadh.

23 Thug Lego caingean le haghaidh sárú os comhair an Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist), arb í an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne Pozitív Energiaforrás.

24 De réir na cúirte a rinne an tarchur, tagann dearaí Lego faoin maolú dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002, ós rud é gurb é is cuspóir dóibh táirgí so-chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile laistigh de chóras modúlach.

25 De réir na cúirte sin, ceadaítear le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002 cosaint a thabhairt, mar dhearadh Comhphobail, ar ghnéithe de chuma táirge nach bhfuil de réir a fheidhme teicniúla amháin agus cearta a ráthú den sórt sin atá coibhéiseach leis na cearta a thugtar le paitinn de ghnáth. D'fhéadfadh cás den sórt sin, áfach, a bheith ina chúis leis an sealbhóir sin, trí bheith ag brath ar dhearaí Comhphobail comhleantacha arna bhfáil tar éis dhul in éag na paitinne lena gcosnaítear a táirge, cosc a chur ar iomaitheoirí táirge ina n-ionchorpraítear cuid de ghnéithe feidhmiúla a tháirge a thairiscint nó réitigh theicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann a theorannú. Is amhlaidh atá, thairis sin, i gcás Lego, a bhraitheann, sa chás sna príomhimeachtaí, ar an gcosaint a fhaightear trí mhaolú ar dhearaí a chumhdaítear le paitinní atá imithe in éag, agus a forbraíodh le gnáthobair deartha theicniúil, chun cur i gcoinne allmhairiú na gcluichí atá i gceist mar gheall ar eilimintí a bheith sna paitinní sin ar ina leith a chinn an Fővárosi Ítélőtábla (Cúirt Achomhairc Réigiúnach Bhúdaipeist) agus an Kúria (an Chúirt Uachtarach) nach raibh braistint fhoriomlán éagsúil acu ar an úsáideoir eolach ón mbraistint arna cruthú ag dearaí Lego.

26 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur cé na scileanna atá ceaptha a bheith ag an 'úsáideoir eolach' dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an mbraistint fhoriomlán a chruthaíonn dearaí den sórt sin air. Go háirithe, is mian léi a fháil amach an féidir raon feidhme an choincheapa sin, mar a leanann sé, *inter alia*, ó bhreithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2011, *PepsiCo* v *Grupo Promer Mon Graphic* (C-281/10 P, EU:C:2011:679), eadhon raon feidhme úsáideora nach saineolaí ná speisialtóir é atá in ann breathnú go mion ar na miondifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na dearaí atá i gceist, a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002. De réir na cúirte sin, ní féidir a chur as an áireamh, i bhfianaise chineál maolaitheach na cosanta a thugtar le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002, gur cheart a mheas gurb é an t-úsáideoir sin an t-úsáideoir ag a bhfuil eolas teicniúil agus cumas breathnaitheach agus anailíseach atá inchomparáide leo siúd atá i réim, faoi dhlí paitinne, maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht airgtheach.

27 I ndáil leis sin, tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim, dá mba rud é nach ndéanfaí an coincheap 'úsáideoir eolach', de réir bhrí Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002, a shainiú trí thagairt a dhéanamh, *inter alia*, do chumas úsáideora den sórt sin, ag féachaint dá shaineolas teicniúil, na dearaí atá i gceist a scrúdú go mion agus na miondifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith

ann eatarthu a bhrath, rud a d'fhágfadh nach bhféadfaí difríochtaí den sórt sin a bhrath i gcomhthéacs dearcadh foriomlán ar na dearaí sin, sa chaoi is go mbeadh dearaí Comhphobail lena gcosnaítear iad dosheachanta, *de facto*.

28 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur freisin maidir le raon feidhme an choincheapa 'braistint fhoriomlán' a thagann ar an úsáideoir eolach leis an dearadh a bhfuil a ghnéithe faoi réir a fheidhme teicniúla amháin agus nach bhfuil aon ghné aeistéitiúil amháin ag baint leis. I ndáil leis sin, tá sí den tuairim go bhfuil tábhacht thánaisteach ag baint le físléiriú dearaidh den sórt sin i ndáil lena shaintréithe feidhmiúla. Níl na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir dearaí den sórt sin inbhraite trí bhreathnóireacht agus úsáid a bhaint as coincheapa atá mar chuid den amhairc-tuiscint, ach trí anailís agus réasúnaíocht a dhéantar ó thaobh na teicneolaíochta de. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a shamhlú go leathnófaí an coincheap 'braistint fhoriomláin' chun ní hamháin an amharc-tuiscint ar chuma an dearaidh a chur san áireamh, ach tuairim theicniúil na speisialtóra a chur san áireamh freisin.

29 Thairis sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur léiriú ar Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus, go háirithe, raon feidhme an choincheapa 'cúiseanna speisialta' lena gceadaítear don chúirt um dhearaí an Chomhphobail, i gcás inarb iomchuí, gan ceann de na horduithe dá dtagraítear san fhoráil sin a dhéanamh.

30 Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an cháis atá os a comhair, fiafraíonn an chúirt sin an bhféadfadh sí, dá gcinnfeadh sí gur sháraigh Pozitív Energiaforrás dearaí Lego, ag féachaint, ar thaobh amháin, do chineál páirteach an tsáraithe, ós rud é nach mbaineann sé leis na bréagáin go léir atá i gceist, ach amháin leis na gnéithe lena mbaineann nach bhfuil ann ach íosmhéideanna, agus, ar an taobh eile, don chuspóir chun cruthú bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil dhlisteanach a sheachaint, cinneadh a dhéanamh iarratas shealbhóir an dearaidh a dheonú ar bhonn teoranta amháin, nó fiú diúltú dó.

31 Sna himthosca sin, chinn an Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú:

'1) I gcás amhail atá sna príomhimeachtaí, ina bhfuil cosaint dearaidh á hagairt ag sealbhóir cirt, ar dearadh é atá inchosanta faoi Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) [Uimh. 6/2002] ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Chomhphobail (an Rialachán), i dtaca le bloc amháin nó níos mó i bhfoireann de bhréagán tógála de chuid an chosantóra a chóimeáiltear ar an gcaoi chéanna le dearadh an iarratasóra, an bhfuil dlí [an Aontais] á chomhlíonadh le cleachtas breithiúnach ar dá réir a ghníomhaíonn údaráis bhreithiúnacha, le raon feidhme um dhearadh an iarratasóra a chosaintí a shocrú de réir bhrí Airteagal 10 den Rialachán,

– ar bhonn úsáideoir eolach a bhfuil eolas teicniúil aige ar an dearadh agus ar fheidhm na táirge mar is dual do speisialtóir san earnáil,

– trína mheas gur úsáideoir eolach atá ann a chuireann dearadh an iarratasóra i gcomparáid le táirge an chosantóra le mionscrúdú teicniúil córasach a dhéanamh, agus

– ar an toimhde gur tuairim theicniúil go príomha atá sa tuairim atá ag an úsáideoir eolach ar an dearadh agus ar an táirge tríd is tríd?

2) I gcás atá ar chomhthréith leis an gceann thuasluaite, dá gcaithfí a chinneadh nach mbaineann an chosaint le bloc amháin nó níos mó i bhfoireann de [bhréagán] tógála an chosantóra, ach le méid beag i gcomparáid leis an stoc iomlán, an bhfuil sé i gcomhréir le dlí [an Aontais] go bhfuil sé de rogha ag cúirt iarratas ar thoirmeasc ar leanúint den fhoireann de [bhréagán] tógála a allmhairiú isteach sa tír a dhíbhe, i ndiaidh na "gcúiseanna [maithe]" seo a leanas a chur san áireamh, mar a aicmítear iad chun críocha Airteagal 89(1) den Rialachán: cineál páirteach an tsáraithe, laghad na tromchúise agus méid an tsáraithe i dtaca leis an táirgí ina n-iomláine agus na leasanna a bhaineann le trádáil gan srian i bhfoirne de bhréagán tógála, rud atá gan srian den chuid is mó?'

## Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

### *Inghlacthacht*

32 Áitíonn Lego go bhféadfar a dhearbhú go bhfuil an dá cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú neamh-inghlactha, ós rud é go bhfuil an léiriú ar Rialachán Uimh. 6/2002 a mholtar san iarraidh ar réamhrialú bunaithe ní hamháin ar easpa eolais ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin sin agus ar na prionsabail atá mar bonn leis, ach ar chásdlí socair na Cúirte freisin.

33 Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú, i gcomhthéacs an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta amháin atá sé, a bhfuil an díospóid os a comhair agus a bhfuil uirthi freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh, chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise ghnéithe sonracha an cháis, ar an ngá atá le réamhrialú le bheith in ann a breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí ar an gCúirt. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá iallach ar an gCúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 29 Iúil 2024, *LivaNova*, C-713/22, EU:C:2024:642, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Sa chás seo, ceanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur, a éisteann caingean le haghaidh sárú, a chinneadh, chun críocha measúnú a dhéanamh ar fhiúntas na caingne sin, raon feidhme na cosanta a thugtar do shealbhóir na ndearaí dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus, i gcás inarb iomchuí, raon feidhme na smachtbhannaí dá bhforáiltear leis an Rialachán sin i gcás ina gcinntear go ndearnadh sárú. Chuige sin, tá amhras ar an gcúirt sin maidir le léiriú Airteagal 8(3), Airteagal 10 agus Airteagal 89(1) den Rialachán sin.

35 Ní cosúil, dá bhrí sin, nach bhfuil baint ar bith ag forálacha dhlí an Aontais a n-iarrann an chúirt sin a léiriú le hábhar na díospóide sna príomhimeachtaí ná nach bhfuil na saincheisteanna a ardaítear leis na ceisteanna sin ábhartha chun an díospóid sin a réiteach.

36 Sna himthosca sin, ní bhaineann an agóid lena n-éilítear míthuiscint na cúirte a rinne an tarchur ar raon feidhme dhlí an Aontais le hinghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú, ach tá dlúthbhaint aici leis an bhfreagra atá le tabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear agus, dá bhrí sin, tá sí de

chineál a d'fhágfadh go bhfuil na ceisteanna sin neamh-inghlactha (féach, de réir analaí, breithiúnais an 28 Meitheamh 1984, *Moser*, 180/83, EU:C:1984:233, mír 10, agus an 15 Iúil 2021, *Latvijas dzelzcedeš (Saoráidí seirbhíse iarnróid)*, C-60/20, EU:C:2021:610, mír 27).

37 Dá bhrí sin, tá na ceisteanna a tharchuirtear inghlactha.

## *Substaint an cháis*

### *An chéad cheist*

38 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 le léiriú sa chaoi nach mór measúnú a dhéanamh ar raon feidhme na cosanta a thugtar le dearadh Comhphobail faoi Airteagal 8(3) den Rialachán sin ar bhonn dearcadh úsáideora eolaigh, a bhfuil an t-eolas teicniúil atá aige comhchosúil leis an eolas teicniúil a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó shaineolaí, a scrúdaíonn an dearadh lena mbaineann go mion agus a bhfuil a bhraistint fhoriomlán bunaithe go príomha ar chúinsí teicniúla.

39 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 3(a) de Rialachán Uimh. 6/2002, go sainmhínítear dearadh mar 'an chuma atá ar tháirge ina iomláine nó ar chuid de tháirge agus atá mar thoradh ar na gnéithe atá ann, go háirithe, línte, imlínte, dathanna, cruth, uigeacht agus/nó ábhair an táirge féin agus/nó dá mhaisiúchán'. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an chórais dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, is gné chinntitheach de dhearadh é an chuma (breithiúnais an 21 Meán Fómhair 2017, *Easy Sanitary Solutions agus EUIPO* v *Group Nivelles*, C-361/15 P agus C-405/15 P, EU:C:2017:720, mír 62, agus an 2 Márta 2023, *Papierfabriek Doetinchem*, C-684/21, EU:C:2023:141, mír 19). [Aistriúchán neamhoifigiúil]

40 I gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin, cumhdaítear leis an gceart eisiach, dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán sin, a thugtar le dearadh Comhphobail, aon dearadh nach gcruthaíonn 'braistint fhoriomlán' atá éagsúil leis an dearadh Comhphobail sin don 'úsáideoir eolach'. Nuair a bheidh raon feidhme na cosanta á mheas, tabharfar san áireamh 'an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dhearadh aige'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

41 Le hAirteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 eisítear ón gcosaint sin gnéithe den chuma arna leagan síos ag a bhfeidhm theicniúil den táirge agus i mír 2 gnéithe den chuma a chaitear a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge a bhfuil an dearadh ionchorpraithe ann, nó a bhfuil sé le húsáid air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó ina choinne, ionas gur féidir le ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a chur de.

42 Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002, de mhaolú ar Airteagal 8(2) den Rialachán sin, ní mór dearadh a chosaint arb é is cuspóir dó táirgí so-chómhalartaithe laistigh de chóras modúlach a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le húrnuacht agus gné shainiúil a leagtar síos in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán sin.

43 Féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an bhfuil an léiriú, mar a leanann sé ó chásdlí na Cúirte, ar an gcoincheap 'úsáideoir eolach', atá in Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 agus nach sainmhínítear leis an Rialachán sin, infheidhme agus measúnú á dhéanamh ar raon feidhme na cosanta a thugtar do dhearaí Comhphobail a chumhdaítear le

hAirteagal 8(3) den Rialachán sin, nó an gá go mbeadh an leibhéal airde a bhfuiltear ag súil leis ó úsáideoir eolach, maidir leis an gcineál dearaidh sin, cosúil leis an leibhéal a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó shaineolaí.

44 Dar leis an gcúirt sin, i gcás dearaí a chumhdaítear le Airteagal 8(3), tá saoirse an dearthóra an-íseal. Dá bhrí sin, tá údar maith le 'úsáideoir eolach' a chur san áireamh atá in ann scrúdú a dhéanamh le mionsonra ar na dearaí atá le cosaint. Ina theannta sin, i gcás den sórt sin, ba cheart, de réir na cúirte sin, go n-áireofaí leis an gcoincheap 'braistint fhoriomlán' ní hamháin an amharc-tuiscint atá ag úsáideoir den sórt sin maidir le cuma na ndearaí sin, ach freisin a thuairim theicniúil, mar speisialtóir, maidir lena ngnéithe feidhmiúla.

45 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur léir ó fhoclaíocht Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 go mbaineann an chosaint a thugtar le dearadh Comhphobail le haon dearadh nach dtáirgeann 'braistint fhoriomlán éagsúil' ar an 'úsáideoir eolach', agus measúnú á dhéanamh ar raon feidhme na cosanta sin agus 'an tsaoirse a bhí ag an dearthóir' á cur san áireamh. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

46 Ní eisítear ón raon feidhme sin na dearaí dá dtagraítear in Airteagal 8(3) den Rialachán sin, ar foráil í atá dírithe go sonrach ar chórais mhodúlacha, lena n-áirítear bréagán tógála. Dá bhrí sin, tá feidhm ag Airteagal 10 den Rialachán sin maidir le cás, amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, ina dtionscnóidh sealbhóir na ndearaí Comhphobail dá dtagraítear in Airteagal 8(3) caingean le haghaidh sárú i gcoinne tríú páirtí chun cosc a chur ar an tríú páirtí úsáid a bhaint as dearaí nach dtugann, dar leis an sealbhóir sin, braistint fhoriomlán éagsúil ar an úsáideoir eolach.

47 Maidir leis, ar an gcéad dul síos, an 'bhraistint fhoriomlán' dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002, chomh maith le hAirteagal 6 den Rialachán sin, dá dtagraítear go sainráite in Airteagal 8(3) den Rialachán sin, ní mór a thabhairt faoi deara gurb é atá sa bhraistint sin amharc-tuiscint an úsáideora eolaigh ar chuma an táirge i gceist a thugtar, go háirithe, leis na saintréithe a liostaítear in Airteagal 3(a) den Rialachán sin.

48 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcoincheap 'úsáideoir eolach', atá in Airteagail 6 agus 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 freisin agus nach mór, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 21 dá Thuairim, a léiriú ar an mbealach céanna don dá fhoráil sin, is cásdlí socair é go bhfuil an coincheap sin idir an gnáth-thomhaltóir, atá infheidhme maidir le hábhair trádmhairc, nach gceanglaítear air aon eolas sonrach a bheith aige agus nach ndéanann, go ginearálta, comparáid dhíreach idir na marcanna atá i gceist, agus an saineolaí, a bhfuil saineolas teicniúil fairsing aige. Dá bhrí sin, leis an gcoincheap 'úsáideoir eolach', ní thagraítear d'úsáideoir a bhfuil aird mheánach aige, ach d'úsáideoir atá thar a bheith breathnaitheach, bíodh sin mar gheall ar a thaithí phearsanta nó mar gheall ar an eolas fairsing atá aige ar an earnáil atá i gceist. Ciallaíonn an cáilitheoir 'eolach', gan a bheith ina dhearthóir ná ina shaineolaí teicniúil, go bhfuil eolas áirithe ag an úsáideoir ar dhearaí éagsúla atá ann san earnáil lena mbaineann, go bhfuil méid áirithe eolais aige maidir leis na gnéithe a áirítear sna dearaí sin de ghnáth agus, mar gheall ar an spéis atá aige sna táirgí lena mbaineann, go léiríonn sé leibhéal réasúnta ard airde agus iad á n-úsáid (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Deireadh Fómhair 2011, *PepsiCo* v *Grupo Promer Mon Graphic*, C-281/10 P, EU:C:2011:679, míreanna 53 agus 59, agus an 21 Meán Fómhair 2017, *Easy Sanitary Solutions agus EUIPO* v *Group Nivelles*, C-361/15 P agus C-405/15 P, EU:C:2017:720, míreanna 124 agus 125).

49 Ní léirítear le haon ní i bhfoclaíocht ná i gcomhthéacs Rialachán Uimh. 6/2002 nach mór an coincheap ‘úsáideoir eolach’ a léiriú ar bhealach éagsúil i gcás ina dtagann an chosaint a thugtar le dearadh Comhphobail faoi raon feidhme Airteagal 8(3) den Rialachán sin.

50 Is fíor gur dócha go n-athróidh leibhéal airde úsáideora den sórt sin, atá réasúnta ard in aon chás, de réir na hearnála lena mbaineann (féach, de réir analaí, a mhéid a bhaineann leis an dlí maidir le trádmharcanna, breithiúnas an 14 Samhain 2024, *Compass Banca*, C-646/22, EU:C:2024:957, mír 55), lena n-áirítear i gcás dearaí a chumhdaítear le hAirteagal 8(3) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh, sa chás deireanach sin, gur gá leibhéal airde nó breathnaitheacht is iomchuí don earnáil lena mbaineann a chur san áireamh. Mar sin féin, fiú i gcás den sórt sin, ní gá dearcadh úsáideora ar speisialtóir san earnáil atá i gceist é, a bhfuil scileanna teicniúla fairsinge aige, amhail saineolaí, a chur san áireamh ná a mheas gur cheart an bhraistint fhoriomlán a thugtar ar an úsáideoir sin a bheith mar thoradh ar thuairim theicniúil den chuid is mó.

51 Ar an tríú dul síos, faoi Airteagal 10(2) de Rialachán Uimh. 6/2002, ní mór ‘an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dhearadh aige’ a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh, ar bhonn na gcoincheap ‘úsáideoir eolach’ agus ‘braistint fhoriomlán’ a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin, ar raon feidhme na cosanta a thugtar le dearadh Comhphobail. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

52 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 36 agus 37 dá Thuairim, dá mhéad a chuirtear srian ar shaoirse an dearthóra dearadh a fhorbairt, is ea is dóchúla go mbeidh braistint fhoriomlán éagsúil ag na miondifríochtaí idir na dearaí atá i gceist ar an úsáideoir eolach. Os a choinne sin, dá mhéad saoirse an dearthóra maidir le dearadh a fhorbairt, is ea is lú seans gur dócha go mbeidh braistint fhoriomlán éagsúil ag difríochtaí beaga idir na dearaí atá i gceist ar an úsáideoir eolach. Dá bhrí sin, i gcás ina gcuirtear srian ar shaoirse an dearthóra mar gheall ar líon ard gnéithe de chuma an táirge nó na cuid den táirge atá i gceist, ar gnéithe iad a rialaítear le feidhm theicniúil an táirge sin nó le cuid den táirge sin amháin, d’fhéadfadh sé gur leor miondifríochtaí a bheith ann idir na dearaí atá i gceist chun braistint fhoriomlán éagsúil a chruthú don úsáideoir eolach.

53 Cosúil leis na coincheapa ‘braistint foriomlán’ agus ‘úsáideoir eolach’, a mheabhraítear i míreanna 47 agus 48 den bhreithiúnas seo, tá feidhm ag ‘an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dhearadh aige’, mar a léirítear i mír 52 den bhreithiúnas seo, i gcás caingean maidir le sárú arna tionscnamh ag sealbhóir dearaí Comhphobail a chumhdaítear le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

54 Mar sin féin, chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt d’Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002, ní mór na gnéithe den chuma lena gceadaítear idirnascadh, a chosnaítear le mír 3 - murab ionann agus na gnéithe den chuma dá dtagraítear in Airteagal 8(2) den Rialachán sin - a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an ‘[m]braistint fhoriomlán’ de réir bhrí Airteagal 10 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh láithreacht comhpháirteanna nasctha a chosnaítear le hAirteagal 8(3) den Rialachán sin, sa dearadh Comhphobail lena mbaineann, dul i ngleic le toradh go bhfuil braistint fhoriomlán éagsúil ann de réir bhrí Airteagal 10, agus mar thoradh air sin, in éagmais difríochtaí atá suntasach go leor maidir le cuma fhoriomlán na ndearaí atá i gceist, d’fhéadfadh pointí nasctha a bhfuil an cruth céanna agus na toisí céanna acu, chun críocha táirgí so-chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile laistigh de chóras modúlach, bac a chur ar chinneadh den sórt sin.

55 Tacaítear leis an léiriú sin ar raon feidhme na cosanta i gcás dearadh Comhphobail a thagann faoi Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh 6/2002 le cuspóir an Rialacháin sin, arb é atá ann, *inter alia*, mar a luaitear in aithris 7 de, nuálaíocht agus forbairt táirgí nua a spreagadh.

56 I ndáil leis sin, is léir, ar thaobh amháin, ó aithris 11 den Rialachán sin go bhféadfadh reachtas an Aontais, tar éis dó a chinneadh go bhféadfadh feistis mheicniúla de tháirgí modúlacha a bheith ina ngné thábhachtach de ghnéithe nuálacha táirgí modúlacha agus ina sócmhainn luachmhar dá margú, atá beartaithe, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha úrnuachta agus de chineál aonair, an chosaint a thugtar do dhearaí le Rialachán Uimh. 6/2002 a dheonú dóibh.

57 Ar an taobh eile, níor chuir an rún sin atá ag reachtas an Aontais, mar a chuirtear in iúl in aithris 11 agus in Airteagal 8(3) den Rialachán sin, cosaint níos fearr a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch a chruthaigh cuma nua de chomhpháirteanna nasctha nó cóimeála laistigh de chóras modúlach, srian ar rún chomh tábhachtach céanna an reachtais sin, a chuirtear in iúl sa chéad abairt d'aithris 10 den Rialachán sin agus in Airteagal 8(1) de, cead a thabhairt d'aon oibreoir eacnamaíoch eile nuáil a dhéanamh freisin trí chuma nua a chruthú, dá réir sin, ar chomhpháirteanna nasctha nó cóimeála nach bhfuil na cruthanna agus na gnéithe céanna acu ina bpointí nasctha agus a bhfuil saintréithe áirithe acu a bhfuil braistint fhoriomlán éagsúil acu ar an úsáideoir eolach.

58 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 a léiriú sa chaoi nach mór measúnú a dhéanamh ar raon feidhme cosanta dearaidh faoi Airteagal 8(3) den Rialachán sin trí thagairt a dhéanamh don bhraistint fhoriomlán a thagann as an dearadh sin ar úsáideoir eolach a bhfuil cur amach aige, gan bheith ina dhearthóir ná ina shaineolaí teicniúil, ar dhearaí éagsúla atá san earnáil lena mbaineann, a bhfuil leibhéal áirithe eolais aige maidir leis na gnéithe a bhíonn sna dearaí sin de ghnáth agus, mar gheall ar an spéis atá aige sna táirgí lena mbaineann, a thaispeánann leibhéal réasúnta ard airde nuair a úsáideann sé iad mar chomhpháirteanna den chóras modúlach ar cuid de iad agus ní ar úsáideoir a scrúdaíonn an dearadh lena mbaineann le mionsonra agus a bhfuil an t-eolas teicniúil aige atá comhchosúil teicniúil a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó shaineolaí, a scrúdaíonn an dearadh lena mbaineann go mion agus a bhfuil a bhraistint foriomlán bunaithe go príomha ar chúinsí teicniúla.

*An dara ceist*

59 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 le léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'cúiseanna speisialta', de réir bhrí na forála sin, lena gceadaítear do chúirt um dhearaí an Chomhphobail gan cheann amháin nó níos mó de na horduithe dá dtagraítear san fhoráil sin a eisiúint, nach mbaineann sárú ach le gnéithe áirithe de chóras modúlach, a bhfuil líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chórais sin.

60 Liostaítear in Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 maidir le pionóis atá le forchur i gcás sárú nó sárú arna bhagairt, na cineálacha ordaithe a cheanglaítear ar an gcúirt um dhearaí an Chomhphobail a dhéanamh i gcás den sórt sin. Luaitear san fhoráil sin, áfach, go ndéanfaidh an chúirt sin orduithe den sórt sin 'mura bhfuil cúiseanna speisialta ann gan é sin a dhéanamh'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

61 Ní mór an coincheap 'cúiseanna speisialta', de réir bhrí Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002, a léiriú go haonfhoirmeach agus go docht i ndlíchóras an Aontais.

62 Ar thaobh amháin, dá ndéanfaí an coincheap sin a léiriú ar bhealach difriúil sna Ballstáit éagsúla, d'fhéadfadh na himthosca céanna a bheith ina gcúis le toirmisc ar leanúint ar aghaidh le sárú nó sárú arna bhagairt i roinnt Ballstát ach ní amhlaidh i mBallstáit eile, agus mar thoradh air sin nach mbeadh an chosaint a thugtar do dhearaí aonfhoirmeach ar fud chríoch an Aontais Eorpaigh (féach, de réir análaí, breithiúnas an 14 Nollaig 2006, *Nokia*, C-316/05, EU:C:2006:789, mír 27).

63 Ar an taobh eile, leis na téarmaí sainordaitheacha ina ndréachtaítear Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002, is féidir a dhearbhú go n-áirítear leis an gcoincheap 'cúiseanna speisialta' maolú ar an oibleagáid atá ar an gcúirt na horduithe dá bhforáiltear san fhoráil sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní mór an coincheap sin a léiriú go docht (féach, de réir analaí, breithiúnas an 14 Nollaig 2006, *Nokia*, C-316/05, EU:C:2006:789, míreanna 29 agus 30).

64 Chinn an Chúirt freisin go mbaineann an coincheap 'cúiseanna speisialta', de réir bhrí Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002, le himthosca fíorasacha a bhaineann go sonrach le cás ar leith (breithiúnas an 13 Feabhra 2014, *H. Gautzsch Großhandel*, C-479/12, EU:C:2014:75, mír 48).

65 Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an gcoincheap sin ach cásanna eisceachtúla nach gceanglaítear ar an gcúirt um dhearaí an Chomhphobail, i bhfianaise shaintréithe sonracha an iompair a líomhnaítear i gcoinne tríú páirtí, go háirithe an fíoras nach bhfuil an tríú páirtí sin in ann dul i mbun na ngníomhartha sáraithe nó a bhagraíonn sárú a dhéanamh, ordú a eisiúint lena gcuirtear toirmeasc ar an tríú páirtí sin gníomhartha den sórt sin a shaothrú (féach, de réir análaí, breithiúnas an 22 Meitheamh 2016, *Nikolajeva*, C-280/15, EU:C:2016:467, mír 33).

66 Ní thagann an fíoras nach mbaineann sárú ach le gnéithe áirithe de chóras modúlach, amhail, sa chás seo, na gnéithe lena mbaineann den chluiche atá i gceist, nach mbaineann ach líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chórais sin, mar sin, faoi chás eisceachtúil den sórt sin lena gceadaítear don chúirt náisiúnta gan ceann amháin nó níos mó de na horduithe dá bhforáiltear in Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 a eisiúint.

67 I bhfianaise na bhforas sin, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 a léiriú sa chaoi nach gcumhdaítear leis an bhfíoras nach mbaineann sárú ach le gnéithe áirithe de chóras modúlach, ag a bhfuil líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chórais sin, leis an gcoincheap 'cúiseanna speisialta', de réir bhrí na forála sin, lena cheadaítear do chúirt um dhearaí an Chomhphobail gan ceann amháin nó níos mó de na horduithe dá dtagraítear sa fhoráil sin a eisiúint.

## Costais

68 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail,**

   **ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

   **ní mór measúnú a dhéanamh ar raon feidhme cosanta dearaidh faoi Airteagal 8(3) den Rialachán sin trí thagairt a dhéanamh don bhraistint fhoriomlán a thagann as an dearadh sin ar úsáideoir eolach a bhfuil cur amach aige, gan bheith ina dhearthóir ná ina shaineolaí teicniúil, ar dhearaí éagsúla atá san earnáil lena mbaineann, a bhfuil leibhéal áirithe eolais aige maidir leis na gnéithe a bhíonn sna dearaí sin de ghnáth agus, mar gheall ar an spéis atá aige sna táirgí lena mbaineann, a thaispeánann leibhéal réasúnta ard airde nuair a úsáideann sé iad mar chomhpháirteanna den chóras modúlach ar cuid de iad agus ní ar úsáideoir a scrúdaíonn an dearadh lena mbaineann le mionsonra agus a bhfuil an t-eolas teicniúil aige comhchosúil teicniúil a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó shaineolaí, a scrúdaíonn an dearadh lena mbaineann go mion agus a bhfuil a bhraistint foriomlán bunaithe go príomha ar chúinsí teicniúla.**

2. **Maidir le hAirteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002,**

   **ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

   **ní chumhdaítear leis an bhfíoras nach mbaineann sárú ach le gnéithe áirithe de chóras modúlach, ag a bhfuil líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chórais sin, leis an gcoincheap 'cúiseanna speisialta', de réir bhrí na forála sin, lena cheadaítear do chúirt um dhearaí an Chomhphobail gan ceann amháin nó níos mó de na horduithe dá dtagraítear sa fhoráil sin a eisiúint.**

Sínithe